European
Commission

# Lánpháirtíocht Eorpach agus Méadú an Aontais Eorpaigh

## - Nótaí Teagaisc -

## Clár Ábhair


1 **Réamhrá** ........ 3

2 **Plean Ceachta 1: Stair an Aontais Eorpaigh go dtí seo** ........ 5

3 **Plean Ceachta 2: Ag foghlaim cad iad na tíortha ar mian leo bheith ina mball den Aontas Eorpach.** ........ 9

4 **Plean Ceachta 3: Conas a oibríonn an próiseas méadaithe?** ........ 14

5 **Ábhair theagaisc sa bhreis** ........ 18

6 **Eochair Freagraí** ........ 20

7 **Acmhainní Breise - Daltaí 10-12** ........ 22

8 **Acmhainní Breise - Daltaí 13-15** ........ 31

# 1 Réamhrá

Tá an cluiche oideachasúil "Turas AE – Turas fionnachtana", forbartha ag an gCoimisiún Eorpach. Is cluiche é a spreagann daltaí chun níos mó a fhoghlaim faoin Aontas Eorpach, na Ballstáit agus na tíortha a bhfuil súil acu dul isteach san Aontas Eorpachsan Aontas Eorpach amach anseo (na tíortha is iarrthóirí mar a thugtar orthu agus iarrthóirí ionchasacha, i.e. an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine, an Chosaiv*, Montainéagró, an tSeirbia agus an Tuirc). Cumhdaítear téamaí éagsúla sa chluiche amhail an stair, an tíreolaíocht agus an cultúr, chomh maith le fíricí ginearálta faoin Aontas agus faoin gcaoi a n-oibríonn an próiseas méadaithe (i.e. an chaoi ar féidir le tíortha bheith ina ball den Aontas Eorpach).

Má fhoghlaimíonn daltaí faoi stair an Aontais Eorpaigh, an méadú atá tagtha air ó tosaíodh ar an lánpháirtíocht sna 1950idí go dtí an lá atá inniu ann agus faoi na tíortha a bhfuil súil acu dul isteach san Aontas amach anseo, cabhróidh sé leo rudaí a chur i gcomhthéacs agus a thuiscint go bhfuil forbairt tagtha ar an Aontas Eorpach le himeacht ama, ní amháin ó thaobh na tíreolaíochta de, ach ó thaobh an gheilleagair agus na polaitíochta de chomh maith.

**Cad atá i gceist le méadú an Aontais Eorpaigh agus cén fáth a bhfuil an topaic seo ábhartha do mo rangsa?**

Riamh anall samhlaíodh an tAontas Eorpach mar thionscadal síochána agus cobhsaíochta do mhór-roinn na hEorpa. De bharr na n-ardmhianta sin, cuireadh ina luí ar bhreis tíortha dul isteach leis na sé thír a bhunaigh an tAontas. Sa lá atá inniu ann, tá 28 mBallstát san Aontas Eorpach agus cuirtear fáilte roimh thíortha Eorpacha eile ar mian leo dul isteach ann agus atá tiomanta do chothú na síochána, an daonlathais, na cobhsaíochta agus an rathúnais.

Beag beann ar an tír den Aontas Eorpach ina gcónaíonn na daltaí, is Eorpaigh iad ar fad. Ciallaíonn sé sin go bhfuil luachanna, stair agus cultúr acu atá ar aon dul lena chéile. Tá siad, ar aon dul le mana an Aontais Eorpaigh, "comhaontaithe san éagsúlacht".

---

* Tá an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le forógra neamhspleáchais na Cosaive.

**Cad atá le tairiscint sna nótaí teagaisc seo?**

Tá na nótaí teagaisc ag dul leis an gcluiche oideachasúil "Turas AE - Turas fionnachtana" agus is éard atá mar aidhm leo ábhar cúlra a chur ar fáil do mhúinteoirí atá ag iarraidh an cluiche a úsáid agus dírítear ar thopaicí a bhaineann le méadú an Aontais Eorpaigh sa seomra ranga trí fhaisnéis bhreise a thabhairt ar na hábhair sin ar leibhéal a bheadh oiriúnach do dhaoine óga san aoisghrúpa 10-15.

Tá trí cinn de phleananna ceachta sa phacáiste seo, a chuireann smaointe ar fáil chun daltaí a spreagadh le dul i ngleic leis an topaic a bhaineann le lánpháirtíocht Eorpach agus méadú an Aontais Eorpaigh (AE) ar bhealach atá fónta agus taitneamhach. Tugann na ceachtanna seo deis do dhaltaí a mbealach a dhéanamh go rathúil trí stair an Aontais Eorpaigh go dtí seo, aithne a chur ar thíortha atá ag súil le dul isteach san Aontas Eorpach amach anseo agus tugtar míniú atá mionsonraithe agus inrochtana iontu ar bheartas méadaithe an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear na critéir i gcomhair ballraíochta agus na céimeanna a bhaineann le próiseas an aontachais.

Tá na gníomhaíochtaí a mholtar i ngach plean ceachta éagsúil agus tá ábhair ag gabháil leo atá soiléir agus a bhfuil sé éasca teacht orthu agus ar féidir iad a chur in oiriúint do gach rang ar leith. Cuidíonn na gnéithe ilmheán agus amhairc, an cluiche oideachasúil san áireamh, leis an ábhar a dhéanamh níos sothuigthe do ghrúpaí i réimsí éagsúla aoise agus cumais. Tá sé mar aidhm acu daltaí a spreagadh chun níos mó a fhoghlaim faoi thíortha agus institiúidí an Aontais Eorpaigh ar bhealach tarraingteach. De bhrí go bhfuil plé grúpa agus ranga san áireamh mar bhealach chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar, bíonn deis ag daltaí dearcthaí éagsúla ar na topaicí a chumhdaítear a scrúdú agus a chur i gcomparáid lena chéile. Chomh maith leis sin, cuidíonn sé leis an múinteoir meastóireacht a dhéanamh ar an éifeachtacht a bhaineann leis na gníomhaíochtaí agus na hábhair a úsáidtear.

Tá mórán faisnéise tacaíochta sa phacáiste seo, lena n-áirítear pointí cainte do mhúinteoirí agus faisnéis chúlra mhionsonraithe chun cur leis an ábhar atá ar fáil go díreach do dhaltaí. Tugtar gníomhaíochtaí agus smaointe i gcomhair obair bhaile in éineacht leis na pleananna bunúsacha teagaisc, agus moltar bealaí chun idirghníomhú leis na topaicí ar bhealach atá tarraingteach, cruthaitheach agus muiníneach.

# 2 Plean Ceachta 1: Stair an Aontais Eorpaigh go dtí seo

## Topaic

An 28 mball atá san Aontas Eorpach faoi láthair agus na méaduithe ar toradh orthu an tAontas Eorpach mar atá sé inniu.

## Fócas ábhair

Stair

## Cuspóirí foghlama

Ag deireadh an cheachta beidh

- na daltaí tar éis forléargas a fháil ar 28 mBallstát an Aontais Eorpaigh
- tuiscint acu gur ghlac na baill reatha ballraíocht san Aontas Eorpach trí phróiseas aontachais agus beidh siad tar éis a fhoghlaim cathain a tharla gach babhta aontachais le gach tír faoi leith
- tuiscint acu gur fhorbair an tAontas Eorpach thar thréimhse ama go dtí an staid ina bhfuil sé sa lá atá inniu ann agus go bhfuil an próiseas forbartha sin ag leanúint ar aghaidh go fóill

## Cineálacha cleachtaidh

Tráth na gceist; gníomhaíocht mheaitseála; plé

## Ullmhúchán agus ábhair

- ✓ Fótachóip den bhileog oibre *Stair an Aontais Eorpaigh go dtí seo* (ceann do gach dalta)
- ✓ Léarscáil de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus réigiún an mhéadaithe (féach Acmhainní Breise)
- ✓ Turas AE – Turas fionnachtana, cluiche oideachasúil maidir le méadú an Aontais Eorpaigh

---

**Céim 1: Níos teo: Tráth na gceist** **8 nóiméad**

Roinn na daltaí ina ngrúpaí de 3-5 duine. Iarr ar na daltaí an líon is mó is féidir leo de thíortha an Aontais Eorpaigh a ainmniú laistigh de 2 nóiméad. Bailigh na torthaí ar an gclár, gan ach na freagraí cearta á scríobh síos agat. Beidh an bua ag an bhfoireann is gaire a théann do 28. I gcás grúpaí atá níos eolaí, bain pointí díobh mura bhfuil an tír san Aontas Eorpach.

*Freagraí cearta:*
An Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn, agus an Ríocht Aontaithe (RA).

**Pointe cainte: DOIMHNIÚ AGUS LEATHNÚ AN AONTAIS EORPAIGH**

Léiríonn stair an Aontais Eorpaigh nach dtagann leathnú an Aontais agus doimhniú na lánpháirtíochta salach ar a chéile. Tá an dá rud déanta ag an Aontas Eorpach. Cruthaíodh an tAontas Eorpach sa tréimhse i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda, nuair a bhí tíortha na hEorpa meáite nach ligfí do dheargchogaíocht dá leithéid tarlú arís. Chuige sin, ba é an chéad chéim comhoibriú eacnamaíoch a spreagadh. Is é an smaoineamh a bhí taobh thiar de sin gur mó an seans go seachnódh tíortha a bheadh ag comhoibriú go dlúth le chéile an t-achrann. Is in1951 a cuireadh túis le tionscadal an chomhoibrithe eacnamaíoch, nuair a bhunaigh sé thír an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Chruach. Níos déanaí, in 1957, bhunaigh siad Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Comhphobal Eorpach d'Fhuinneamh Adamhach. Is iad seo a leanas na tíortha sin: An Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, Lucsamburg agus an Ísiltír.

Tá dhá thír is fiche eile tar éis ballraíocht san Aontas Eorpach a bhaint amach ó shin i leith. Cuid de sin ab ea an meadú stairiúil a tharla in 2004, nuair a athaontaíodh an Eoraip tar éis breis agus leathchéad bliain de dheighilt.

Le himeacht ama, chinn na Ballstáit an comhoibriú eacnamaíoch a leathnú chuig réimsí eile, an réimse polaitiúil san áireamh. Sin an fáth a mbímid ag caint ar an Aontas Eorpach (AE) sa lá atá inniu ann.

Le himeacht na mblianta, d'fhorbair an tAontas Eorpach an Margadh Aonair, chruthaigh sé limistéar Schengen do thaisteal saor ó phas, ghlac sé an euro, chruthaigh sé samhail nua do rialáil eacnamaíoch agus d'fhorbair sé lear mór beartas nua eile, maidir leis an talmhaíocht, an comhshaol agus an t-athrú aeráide, an tslándáil inmheánach agus beartas eachtrach níos láidre, cuir i gcás.

**Céim 2: Ballstáit an Aontais Eorpaigh a mheaitseáil le "méaduithe ar leith" (i.e. an bhliain ar ghlac siad ballraíocht san Aontas Eorpach) 10 nóiméad**

Oibríonn na daltaí sna grúpaí céanna de idir triúr agus. Tugtar an bhileog oibre *Stair an Aontais Eorpaigh go dtí seo* do gach dalta[1]. Oibríonn siad le chéile chun gach tír nó grúpa tíortha a mheaitseáil leis an dath a fhreagraíonn dóibh ar an léarscáil agus ansin smaoiníonn siad faoin mbliain a ndeachaigh gach grúpa isteach san Aontas Eorpach. Tá gach dath ag freagairt do ghrúpa tíortha a chuaigh isteach san Aontas Eorpach an bhliain chéanna.

⇒ I gcás ceachtanna atá dírithe ar an tíreolaíocht, tar éis dóibh an grúpa tíortha a chuaigh isteach san Aontas Eorpach sa bhliain chéanna a aithint, iarr ar na daltaí ainmneacha na dtíortha a chur ar an léarscáil. I gcás grúpaí atá níos eolaí, is féidir na príomhchathracha a chur leo.

**Céim 3: Tuiscint a sheiceáil 5 nóiméad**

Taispeáin léarscáil den Aontas ina bhfuil lipéid na mBallstát agus na dátaí a ndeachaigh siad isteach ann. Iarr ar na daltaí na freagraí a sheiceáil ar a mbileog oibre agus iad a cheartú de réir mar is gá. Déan comparáid idir na torthaí chun a fheiceáil céard iad na tíortha is lú a raibh eolas ag na daltaí orthu/na tíortha is mó a raibh eolas ag na daltaí orthu.

**Céim 4: Plé 5 nóiméad**

Spreag na daltaí chun plé a dhéanamh ar na léarscáileanna mar aon rang amháin.

Ceisteanna samplacha don phlé:

- *Nuair a fhéachann tú ar léarscáil den Aontas Eorpach an bhfuil aon rud ansin a chuireann ionadh ort? Má tá, cén fáth?*
- *An bhfuil tíortha ann atá ina mBallstáit den Aontas ach nach raibh a fhios agatsa go bhfuil siad ina mBallstáit de?*
- *An bhfuil tíortha ann nach bhfuil ina mBallstáit den Aontas ach gur cheap tusa go raibh siad ina mBallstáit de?*

⇒ Tabhair faoi deara go n-ardaíonn an cheist deiridh an fheasacht agus go gcuireann sí daltaí ag smaoineamh faoi thíortha atá ag iarraidh a bheith ina mbaill den Aontas. Is féidir leis an múinteoir tuilleadh faisnéise a chur ar fáil maidir leis na tíortha a bhfuil súil acu dul isteach san Aontas Eorpach amach anseo.

[1] Féach Acmhainní Breise

**Céim 5: Cluiche 12 nóiméad**

Déan na Ballstáit agus na tíortha a bhfuil súil acu dul isteach san Aontas Eorpach amach anseo (iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha) a shannadh do na daltaí. Iarr ar gach dalta an cluiche a imirt, sa rang nó sa bhaile mar obair bhaile. Ba chóir do na daltaí nóta a dhéanamh den fhíric is suimiúla nó is mó iontais a fuair siad amach le linn dóibh a bheith ag imirt an chluiche.

**Céim 6: Clabhsúr 5 nóiméad**

Téigh timpeall an ranga agus iarr ar gach dalta an fhíric is suimiúla nó is mó iontais a thug siad leo ón gcluiche a roinnt.

*Roghnach:* Is féidir le múinteoirí iarraidh ar dhaltaí díriú ar rud éigin sonrach ón gcluiche a raibh spéis acu ann, amhail fíricí cultúrtha nó bia faoi leith, cuir i gcás. Ansin, is féidir le daltaí breis faisnéise faoin ngné sin a lorg agus cur i láthair gearr a ullmhú uirthi don rang.

# 3 Plean Ceachta 2: Ag foghlaim cad iad na tíortha ar mian leo bheith ina mball den Aontas Eorpach.

## Topaic

Ag foghlaim faoi thíortha a bhfuil súil acu dul isteach san Aontas Eorpach sa todhchaí, i.e. na tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha.

## Fócas ábhair

Tíreolaíocht/eolaíochtaí sóisialta

## Cuspóirí foghlama

Ag deireadh an cheachta, beidh a fhios ag na daltaí

- cad iad na tíortha ar iarrthóirí iad nó ar iarrthóirí ionchasacha iad i gcomhair ballraíocht san Aontas Eorpach amach anseo.
- beidh eolas faighte acu e.g. ar chomhshaol, geilleagar agus cultúr na dtíortha sin.

## Cineálacha cleachtaidh

Plé; gníomhaíocht taighde; cur i láthair

## Ullmhúchán agus ábhair

- ✓ Sraith fótagraf ó na tíortha is iarrthóirí agus ó iarrthóirí ionchasacha (an taispeántas *Chomh cosúil, chomh héagsúil, chomh hEorpach*)
- ✓ Leatháin pháipéir A3 le go n-úsáidfidh na daltaí iad agus na freagraí á n-ullmhú acu
- ✓ Bileog oibre *Ag lipéadú tíortha ar mian leo dul isteach san Aontas Eorpach amach anseo* (fótachóip amháin do gach dalta)
- ✓ Bileog oibre *Aimsigh na fíricí* (fótachóip amháin do gach dalta)
- ✓ Cluiche oideachais ar mhéadú an Aontais Eorpaigh *Turas AE - turas fionnachtana*

**Pointe cainte: Conas a oibríonn an próiseas méadaithe agus cé a chinneann é?**

**MÉADÚ AN AONTAIS EORPAIGH AGUS NA CROÍPHRIONSABAIL A BHAINEANN LEIS**

**Méadú an Aontais Eorpaigh:**

**Infheistíocht sa tsíocháin, sa tslándáil agus sa chobhsaíocht san Eoraip is ea beartas méadaithe an Aontais Eorpaigh. Cuireann sé deiseanna breise eacnamaíocha agus trádála ar fáil a mbaineann an tAontas Eorpach chomh maith leis na tíortha ar mian leo a bheith ina mBallstáit leas astu. An t-ionchas ballraíocht san Aontas Eorpach a bhaint amach, imríonn sé tionchar atá cumhachtach agus bunathraitheach ar na tíortha atá i gceist, agus cuirtear athrú dearfach daonlathach, polaitiúil, eacnamaíoch agus sóisialta i bhfeidhm ar na tíortha sin.**

Cuireann na méaduithe is déanaí i Lár agus in Oirthear na hEorpa mórán deiseanna nua ar fáil do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh, cuideachtaí, infheisteoirí, tomhaltóirí agus mic léinn ó Bhallstáit nua agus seanbhunaithe. Tá méadú tagtha ar infheistíocht agus ar thrádáil. Is é margadh aonair an Aontais Eorpaigh an ceann is mó sa domhan. Freastalaíonn sé ar 500 milliún saoránach agus gineann sé 23% d'olltáirgeacht intíre (OTI) an domhain.

Is próiseas dian ach cóir é próiseas an mhéadaithe atá tógtha ar chritéir sheanbhunaithe agus ar cheachtanna a foghlaimíodh ón am atá thart. Déantar meastóireacht ar gach tír ar mian léi dul isteach san Aontas Eorpach ar bhonn a tuillteanais féin chun dreasachtaí a chur ar fáil le tabhairt faoi leasuithe forleathana. Ciallaíonn sé sin go ngluaiseann gach tír i dtreo an Aontais Eorpaigh ag luas a shocraítear de réir fheidhmíocht na tíre féin i ndáil leis na coinníollacha a shásamh agus caighdeáin AE a bhaint amach. Ní cheadaítear aon aicearraí ná aon réitigh bhoga, mar nach rachaidís sin chun leasa na dtíortha ar mian leo bheith ina mball, ná chun leasa an Aontais Eorpaigh féin. Is iad seo a leanas na réimsí bunúsacha a ndéantar iad a mheas agus a dtugtar tacaíocht ina leith lena chinntiú go bhfuil tíortha a bhfuil súil acu bheith ina mball den Aontas Eorpach sách ullamh dó sin: **forlámhas an dlí, na cearta bunúsacha, na hinstitiúidí daonlathacha a neartú**, chomh maith leis an bh**forbairt eacnamaíoch agus an t-iomaíochas.** Léiríonn sé sin an tábhacht a leagann an tAontas Eorpach ar a chuid bunluachanna agus a chuid tosaíochtaí ginearálta.

De thoradh na gceachtanna a foghlaimíodh san am atá caite, **tá próiseas an aontachais sa lá atá inniu ann níos déine agus níos cuimsithí, agus é dírithe ar aghaidh a thabhairt ar "na rudaí bunúsacha ar dtús**"

⇒ **Forlámhas an dlí:** ní mór do thíortha dul i ngleic le ceisteanna mar athchóiriú breithiúnach agus an troid in aghaidh na coireachta eagraithe agus na caimiléireachta díreach ó thús phróiseas an aontachais.  Ní mór dóibh a léiriú go bhfuil sé de theist orthu gur bhain siad torthaí nithiúla, inbhuanaithe amach.

⇒ **Rialachas eacnamaíoch:** ní leor rialacha agus caighdeáin an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh le ballraíocht san Aontas Eorpach a bhaint amach; ní mór eacnamaíocht na tíre a chur in oiriúint don bhallraíocht lena chinntiú gur féidir léi leas a bhaint as na buntáistí ar fad a bhaineann lena haontachas leis an Aontas Eorpach, agus ag an am céanna go gcuirfidh sí le fás agus rathúnas gheilleagar Aontais.

⇒ Ní mór na h**institiúidí daonlathacha** a dhaingniú tuilleadh, tríd an ngrinnscrúdú parlaiminteach a fheabhsú agus an riarachán poiblí a athchóiriú, mar shampla. Bíonn tionchar díreach ag cáilíocht an riaracháin phoiblí ar chumas an rialtais seirbhísí poiblí éifeachtacha a chur ar fáil, caimiléireacht a chosc agus a throid, agus an t-iomaíochas agus an fás a chothú. Chomh maith le córas riaracháin phoiblí atá ag feidhmiú go maith, tá sé ríthábhachtach ról níos láidre a chinntiú tsochaí shibhialta.

⇒ **Cearta bunúsacha:** Tá na cearta bunúsacha i gcroílár luachanna an Aontais Eorpaigh agus is gné bhunúsach de phróiseas an aontachais iad. Is gá do thíortha a bhfuil súil acu bheith ina mball den Aontas Eorpach a chinntiú go léirítear meas iomlán orthu, go háirithe an tsaoirse cainte agus cearta daoine a bhaineann le mionlaigh, lena n-áirítear na Romaigh. Is gá grúpaí leochaileacha a chosaint ó leithcheal, lena n-áirítear leithcheal ar bhonn gnéaschlaonta.

⇒ Ar deireadh, ní mór do thíortha **dea-chaidreamh lena gcomharsana** a chinntiú chomh maith le comhoibriú réigiúnach. Mar shampla, tá oibriú i dtreo normalú a dhéanamh ar chaidreamh leis an gCosaiv i gceist i gcreat idirbheartaíochta an Aontais Eorpaigh don tSeirbia.

**Cuidíonn méadú le caighdeán na beatha a fheabhsú trí lánpháirtíocht agus trí chomhoibriú.** Comhoibríonn tíortha ar mian leo bheith ina mball den Aontas Eorpach i réimsí amhail fuinneamh, iompar, an troid in aghaidh na coireachta, sábháilteacht bhia, cosaint chomhshaoil agus an t-athrú aeráide.

**Céim 1: Plé atá treoraithe ag grianghraif 15 nóiméad**

Roinn na daltaí i seacht gcinn de ghrúpaí. Tugtar sraith grianghraf a tógadh i dtír amháin nach bhfuil ainmnithe ón taispeántas *Chomh cosúil, chomh héagsúil, chomh hEorpach* agus leathán páipéir A3 chun a gcuid smaointe a scríobh síos. Iarrtar orthu féachaint ar na híomhánna. Cad a thugann siad faoi deara agus cad iad na tuairimí atá acu? Iarrtar orthu iad sin a scríobh síos ar an leathán A3. Chomh maith leis sin, is féidir leo a thomhas cén tír a bhfreagraíonn an grianghraf di (ní bhíonn a fhios acu roimh ré go bhfuil an ceacht ag díriú ar thíortha a bhfuil súil acu dul isteach san Aontas Eorpach amach anseo). Tabhair 5 nóiméad dóibh chun é sin a dhéanamh.

Nuair atá a gcuid tuairimí bailithe ag gach grúpa, is féidir leo a gcuid smaointe a phlé mar rang.

Úsáid na ceisteanna seo a leanas chun an plé a éascú.

- *Cad a thug tú faoi deara i dtús báire?*
- *Cén tuairim atá agat faoin tír seo ar bhonn na bpictiúr atá feicthe agat?*
- *Conas a d'fhéadfadh an áit sa phictiúr a bheith dar leat?*
- *An gcuireann sé aon áit ina raibh tú cheana i gcuimhne duit?*

Pléann na daltaí na ceisteanna thuas i ngrúpaí, ansin taispeánann siad a gcuid pictiúr don rang agus cuireann siad a gcuid tuairimí i láthair. Nuair a bhíonn an méid sin déanta, bailigh na híomhánna ar fad ar an gclár pionnaí. Scríobh ainmneacha na dtíortha seo a leanas ar thaobh an chláir.

- *An Albáin*
- *An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin*
- *Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine*
- *An Chosaiv*
- *Montainéagró*
- *An tSeirbia*
- *An Tuirc*

Mar rang, tomhais cén tír inar tógadh gach grúpa grianghraf. Scríobh ainm na tíre faoin ngrúpa grianghraf a fhreagraíonn di.

⇒ Nuair an bhíonn an cleachtadh sin thart, is féidir leis an múinteoir an ghearrthóg físe *Seoda Folaithe na hEorpa* a thaispeáint. Tar éis an ghearrthóg a thaispeáint, is féidir leis an múinteoir a fhiafraí de na daltaí cén teachtaireacht a bhí an físeán ag iarraidh a thabhairt, dar leo. Ar chuir aon rud san fhíseán ionadh orthu? Cad a cheap siad faoi struchtúr na gceisteanna agus na bhfreagraí? Ansin, is féidir leis an múinteoir tuilleadh faisnéise a chur ar fáil maidir leis na tíortha a bhfuil súil acu dul isteach san Aontas Eorpach amach anseo.

**Céim 2: Tíortha a bhfuil súil acu dul isteach san Aontas amach anseo a lipéadú 10 nóiméad**

Tugtar fótachóip den bhileog oibre *Tíortha a bhfuil súil acu dul isteach san Aontas Eorpachdul amach anseo a lipéadú* do gach grúpa. Tabhair cúig nóiméad do na grúpaí chun iarracht a dhéanamh na tíortha ar fad a lipéadú. Téigh tríd an léarscáil mar rang agus féach an raibh siad ar fad ceart ag aon ghrúpaí.

**Céim 3: Taighde a dhéanamh ar thíortha a bhfuil súil acu isteach san Aontas Eorpach amach anseo 15 nóiméad**

Imríonn na daltaí an cluiche i leith na tíre a sannadh dóibh sa chleachtadh grianghraf. Is féidir é sin a dhéanamh sa bhaile nó ina ngrúpaí ar na ríomhairí scoile, ag brath ar an am agus na hacmhainní atá ar fáil. Le linn dóibh a bheith á dhéanamh sin, glacann siad nótaí ar an méid atá á fhoghlaim acu ag baint úsáide as an mbileog oibre *Aimsigh na fíricí*.

NB: Ní mór go mbeadh teacht ag na daltaí ar an idirlíon chun cuid de na ceisteanna ar an mbileog oibre a fhreagairt. Tá liosta de na ceisteana sin thíos:

- *Cad é príomhchathair na tíre?*
- *Cad iad príomhonnmhairí agus príomhallmhairí na tíre?*
- *Cad é airgeadra oifigiúil na tíre?*
- *Cad iad na tíortha is mó a ndéanann sí trádáil leo?*
- *Cad iad na tionscail is mó atá sa tír seo?*

⇒ *Roghnach*, ag brath ar am: Roghnaítear dhá ghrúpa chun a gcuid cinntí a chur faoi bhráid an ranga i gcur i láthair gairid.

**Céim 4: Plé ranga uile 5 nóiméad**

Fiafraigh na ceisteanna seo a leanas den rang:

- *An dtugann tú aon chosúlachtaí faoi deara idir na tíortha in Iarthar na mBalcán agus an Tuirc agus do thír féin?*
- *Cad faoi dhifríochtaí?*
- *An bhfeiceann tú cosúlachtaí/difríochtaí idir na tíortha in Iarthar na mBalcán agus an Tuirc agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh (eile)?*

# 4 Plean Ceachta 3: Conas a oibríonn an próiseas méadaithe?

**Topaic**

Critéir agus céimeanna i gcomhair ballraíochta san Aontas Eorpach

**Fócas ábhair**

Eolaíocht shóisialta/Stair

**Cuspóirí foghlama**

Ag deireadh an cheachta,
- beidh na daltaí feasach ar na critéir nach mór d'aon tír ar mian léi dul isteach san Aontas Eorpach a shásamh chun a bheith ina Ballstát den Aontas.
- beidh tuiscint acu ar na céimeanna oifigiúla nach mór do thíortha a ghlacadh chun a bheith ina mBallstáit den Aontas

**Cineálacha cleachtaidh**

Gníomhaíocht tobsmaointeoireachta; plé ranga; cleachtadh i líonadh bearnaí; gníomhaíocht ordaithe

**Ullmhúchán agus ábhair**

- ✓ An bhileog oibre *critéir chun dul isteach san Aontas Eorpach* (fótachóip amháin do gach dalta)
- ✓ Sraith cártaí a bhfuil *Próiseas chun dul isteach san Aontas Eorpach* orthu (a mbeidh ar an múinteoir iad a ghearradh suas mar chártaí mar ullmhúchán don cheacht)
- ✓ Cluiche oideachais ar mhéadú an Aontais Eorpaigh

---

**Céim 1: An cluiche 5 nóiméad**

Roinntear an rang i ngrúpaí, cuireann gach grúpa aithne ar thír is iarrthóir/iarrthóir ionchasach tríd an gcluiche a imirt (iarrtar ar na páistí tír faoi leith den chluiche a ullmhú sa seomra ranga nó sa bhaile roimh an rang). Iarrtar ar gach grúpa fíric shuimiúil amháin faoin tír atá acu féin a roghnú agus í a chur os comhair an ranga.

⇒ *Roghnach má tá Plean Ceachta 2 críochnaithe ag an rang.*

**Dul siar 5 nóiméad**

Iarr ar ghrúpaí ón gceacht deiridh teacht le chéile arís agus an méid fíricí agus is féidir leo faoin tír a bhí acu féin a thabhairt chun cuimhne. Bíonn an bua ag an ngrúpa leis an líon is mó fíricí.

**Céim 2: Cad iad na critéir chun dul isteach san Aontas Eorpach? 5 nóiméad**

Déan babhta tobsmaointeoireachta a reáchtáil mar rang maidir leis na critéir a d'fhéadfadh a bheith i gceist chun dul isteach san Aontas Eorpach. Bailigh moltaí na ndaltaí le chéile ar an gclár. Is féidir le daltaí a gcuid eolais ar an gcaoi ar féidir dul isteach in eagraíochtaí idirnáisiúnta eile a úsáid mar fhaisnéis chúlra.

**Céim 3: Tús eolais ar chritéir AE 15 nóiméad**

Iarr ar na daltaí na hailt sa bhileog oibre *Critéir chun dul isteach san Aontas Eorpach* atá san aguisín a chomhlánú agus iad ag obair astu féin. Iarr orthu ansin an ceannteideal is fearr do gach alt a aimsiú. Nuair a bhíonn na daltaí críochnaithe, déan athbhreithniú ar na freagraí cearta mar rang.

**Pointí cainte: COINNÍOLLACHA i gCOMHAIR BALLRAÍOCHTA**

Sonraítear sa Chonradh ar an Aontas Eorpach gur feidir le tír Eorpach ar bith iarratas a dhéanamh ar bhallraíocht má tá meas aici ar luachanna daonlathacha an Aontais Eorpaigh agus go bhfuil sí tiomanta do chur chun cinn na luachanna sin.

Is é an chéad chéim go sásódh an tír na critéir bhunúsacha i gcomhair aontachais. Ba ag an gComhairle Eorpach i gCóbanhávan in 1993 a leagadh síos formhór na gcritéar sin agus dá réir sin tugtar 'critéir Chóbanhávan' nó critéir an aontachais orthu. Is iad na coinníollacha bunriachtanacha iad nach mór do gach tír is iarrthóir a shásamh chun a bheith ina Ballstát:

- Critéir pholaitiúla: institiúidí buanseasmhacha a dheimhníonn an daonlathas, forlámhas an dlí, cearta daonna agus meas ar mhionlaigh chomh maith le cosaint dóibh;
- Critéir eacnamaíocha: Geilleagar margaidh atá ag feidhmiú agus an cumas déileáil le hiomaíocht agus le fórsaí an mhargaidh san Aontas Eorpach.
- critéir a bhaineann le hacmhainn riaracháin agus institiúideach: an cumas na hoibleagáidí a bhaineann leis an mballraíocht a ghlacadh agus iad a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear cloí leis na haidhmeanna maidir le haontas polaitiúil, eacnamaíoch agus airgeadais.

Chomh maith leis sin, is gá go mbeadh an tAontas Eorpach in ann an ball nua a lánpháirtiú.

**Céim 4: Ag déanamh comparáide idir ionchais agus fírinne an scéil 10 nóiméad**

Scríobh critéir Chóbanhávan ar an gclár. Ansin pléigh na ceisteanna seo a leanas mar rang:

- *Cén fáth ar roghnaíodh na critéir sin dar leat?*
- *Conas a léiríonn siad luachanna an Aontais Eorpaigh?*

Caith 5 nóiméad ag ceapadh mana den Aontason Aontas Eorpach. Iarr ar roinnt daltaí a gcuid moltaí a thabhairt. Ansin déan mana an Aontais Eorpaigh féin a roinnt leis an rang: 'Aontaithe san éagsúlacht'. Déan an chúis ar mana maith é sin den Aontasdon Aontas Eorpach (nó nach ea) a phlé sa rang.

Eolas breise maidir leis an mana: Cuireann sé in iúl an chaoi a bhfuil muintir na hEorpa tagtha le chéile, i bhfoirm an Aontais Eorpaigh, le hoibriú ar son na síochána agus an rathúnais, ach ag an am céanna go bhfuil cultúir, traidisiúin agus teangacha éagsúla na hilchríche á saibhriú. Chun tuilleadh eolais a fháil féach http://europa.eu/about-eu/basic-information/symbols/motto/index_en.htm

**Céim 5: Ag foghlaim faoi na céimeanna ar an mbealach chuig an mballraíocht san Aontas Eorpach 10 nóiméad**

Roinn na daltaí ina ngrúpaí (4-6 daltaí i ngach grúpa) agus tabhair sraith de chártaí measctha do gach grúpa a thaispeánann na céimeanna chun dul isteach san Aontas Eorpach. Mínigh do na daltaí gur gá dóibh oibriú le chéile chun na cártaí a chur san ord ceart.

Tabhair idir 5 agus 10 nóiméad do na daltaí chun é sin a dhéanamh, ansin seiceáil an t-ord mar rang:

*Freagraí:*

1. Cuireann an tír iarratas faoi bhráid na Comhairle ag fógairt gur mian léi a bheith ina ball den Aontas.
2. Tíolacann an Coimisiún Eorpach tuairim maidir leis an iarratas.
3. Is gá go gcinnfeadh rialtais na mBallstát d'aon ghuth an bhfuil siad ag glacadh le stádas iarrthóra na tíre is iarratasóir.
4. Chomh luath agus a shásaítear coinníollacha áirithe, tosaítear ar idirbheartaíocht an aontachais, ach ní mór go mbeadh na Ballstáit ar fad comhaontaithe ina leith sin.
5. Ní mór don tír dlíthe agus rialacha an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme. Ní mór go gcomhaontódh gach Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh gur shásaigh an tír na ceanglais ar fad atá riachtanach.
6. Chomh luath agus a bhíonn an idirbheartaíocht ar fad curtha i gcrích, ní mór don Choimisiún Eorpach a thuairim a thabhairt an bhfuil nó nach bhfuil an tír réidh chun a bheith ina Ballstát.

7. Ní mór do na Ballstáit cinneadh d'aon ghuth an ndéanfar an próiseas a dhúnadh agus an Conradh Aontachais a shíniú. Síníonn na Ballstáit ar fad atá ann cheana agus an Ballstát atá ag teacht isteach an Conradh Aontachais. Ní mór do Pharlaimint na hEorpa a toiliú a thabhairt freisin.
8. Ní féidir leis an tír a bheith ina Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh nó go mbíonn an Conradh Aontachais faofa go foirmiúil ag na Ballstáit ar fad atá ann cheana.

**Pointí cainte: AN CLÁR MÉADAITHE REATHA - CONAS AGUS CÉN FÁTH?**

**Sa lá atá inniu ann, leanann beartas an mhéadaithe de bunathrú chun feabhais a spreagadh agus den chobhsaíochta a dhaingniú sna tíortha in Oirdheisceart na hEorpa a bhfuil súil acu a bheith ina mbaill den Aontas.** Tá tarraingt agus tionchar an Aontais Eorpaigh ag cuidiú leis na tíortha sin chun athchóiriú a dhéanamh ar chúrsaí daonlathais agus ar an ngeilleagar, feabhas a chur ar fhorlámhas an dlí agus athmhuintearas a dhéanamh lena gcomharsana.

Má chuirtear cobhsaíocht agus comhoibriú chun cinn i réigiún ar thairseach an Aontais Eorpaigh, is chun leasa an Aontais Eorpaigh agus a chuid saoránach a rachaidh próiseas an mhéadaithe. Cruthaíonn sé timpeallacht a thacaíonn leis an bhfás eacnamaíoch agus leis an infheistiú. Cuidíonn sé le dul i ngleic le ceisteanna amhail an troid in aghaidh na coireachta eagraithe agus na caimiléireachta, agus le ceartas, slándáil agus cearta bunúsacha a neartú.

Tá beartas an mhéadaithe bunaithe ar choinníollacht atá dian ach cóir agus caitear le gach tír ar bhonn a tuillteanais féin. Ciallaíonn sé sin go ngluaiseann gach tír i dtreo an Aontais Eorpaigh ag luas a shocraítear de réir fheidhmíocht na tíre féin i ndáil leis na coinníollacha a shásamh agus caighdeáin AE a bhaint amach. Ní cheadaítear aon aicearraí ná aon réitigh bhoga, mar nach rachaidís sin chun leasa na dtíortha ar mian leo bheith ina mball, ná chun leasa an Aontais Eorpaigh féin.

De thoradh na gceachtanna a foghlaimíodh san am atá caite, **tá próiseas an aontachais sa lá atá inniu ann níos déine agus níos cuimsithí, agus é dírithe ar aghaidh a thabhairt ar "na rudaí bunúsacha ar dtús"**

- ⇒ **Forlámhas an dlí**
- ⇒ **Rialachas eacnamaíoch**
- ⇒ **Institiúidí daonlathacha**
- ⇒ **Cearta bunúsacha**
- ⇒ **Dea-chaidreamh na gcomharsan agus an comhoibriú réigiúnach**

Ní mór an méadú a thuiscint mar phróiseas a thacaíonn le hathchóirithe agus le hathruithe bunúsacha a bhfuil gá leo chun na hoibleagáidí a bhaineann le ballraíocht an Aontais Eorpaigh a shásamh. Tógann athruithe mar sin am, gan dabht. Dá bhrí sin, tá sé an-tábhachtach peirspíocht Eorpach na dtíortha a bhfuil súil acu dul isteach san Aontas Eorpach amach anseo a dhearbhú gan cheist gan choinníoll.

Ní féidir leis an méadú dul chun leasa an Aontais Eorpaigh agus na dtíortha comhpháirteacha ach amháin má dhéantar athchóiriú dáiríre inbhuanaithe. Mar thoradh ar an bpróiseas sin, bíonn na tíortha iomlán réidh le dul isteach san Aontas Eorpach agus bíonn siad ábalta leas a bhaint as na buntáistí agus glacadh leis na hoibleagáidí a bhaineann leis an mballraíocht.

# 5 Ábhair theagaisc sa bhreis

**Tá roinnt suíomhanna gréasáin agus acmhainní breise anseo ar féidir iad a úsáid i gceachtanna.**

- Tuilleadh eolais faoi Bhallstáit an Aontais Eorpaigh:
  http://europa.eu/about-eu/countries/index_en.htm

- Tuilleadh eolais faoin mbeartas méadaithe agus faoi thíortha atá sa phróiseas:
  http://ec.europa.eu/neighbourhood-enlargement

- 12 cheacht ar an Eoraip:
  http://bookshop.europa.eu/en/europe-in-12-lessons-pbNA0213714/

- Gearrthóg físe *Seoda Folaithe na hEorpa*:
  https://www.youtube.com/watch?v=R_jRjPl9iRQ
- Físeáin ar phróiseas Méadaithe an Aontais Eorpaigh agus réimsí tábhachtacha i gcomhair athchóirithe:
  - **Méadú an Aontais Eorpaigh - Conas a Oibríonn Sé**
  - **Méadú an Aontais Eorpaigh - Forlámhas an Dlí a Chinntiú**
  - **Méadú an Aontais Eorpaigh - Riarachán Poiblí a Athchóiriú**

- Mionchláir faisnéise ina bhfuil daoine as na tíortha a bhfuil súil acu dul isteach san Aontas Eorpach páirteach chomh maith le saineolaithe ar lánpháirtíocht Eorpach as Ballstáit an Aontais Eorpaigh.

  Ionadaithe ó na tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha:
  - An Albáin - an t-amhránaí ceoldrámaíochta Ermonela Jaho: https://vimeo.com/114858479
  - **An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin** – an t-amhránaí Amira Medunjanin: https://vimeo.com/114858480
  - **Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine** – an dearthóir faisin Nikola Eftimov: https://vimeo.com/114858481
  - **An Chosaiv** – an judoka oilimpeach Majlinda Kelmendi: https://vimeo.com/95106035
  - **Montainéagró** – an stiúrthóir amharclainne Janko Ljumovic: https://vimeo.com/114858481
  - **An tSerbia** – an fiontraí óg Miloš Milisavljević: https://vimeo.com/95094253
  - **An Tuirc** – an fiontraí Umit Boyner: https://vimeo.com/95105063

  Saineolaithe ar lánpháirtíocht Eorpach ó na Ballstáit:
  - An tOllamh Jacques Rupnik, an Fhrainc: https://vimeo.com/92930204

    - Olaf Boehnke, an Ghearmáin: https://vimeo.com/114858483
    - An tOllamh Helen Wallace, an Ríocht Aontaithe: https://vimeo.com/92931157

- Grianghraif as na tíortha a bhfuil súil leo dul isteach san Aontas Eorpach amach anseo: http://ec.europa.eu/neighbourhood-enlargement/news_corner/multimedia-library/photo-galleries/index_en.htm

# 6 Eochair Freagraí

**Plean Ceachta 1: Stair an Aontais Eorpaigh go dtí seo**

*Freagraí:*

| | | |
|---|---|---|
| Grúpa A | An Ostair, an Fhionlainn, an tSualainn | **1995** |
| Grúpa B | An Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, Lucsamburg agus an Ísiltír | **1957** |
| Grúpa C | An Bhulgáir, an Rómáin | **2007** |
| Grúpa D | An Chróit | **2013** |
| Grúpa E | An Chipir, Poblacht na Seice, an Eastóin, an Ungáir, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an tSlóvaic, an tSlóivéin. | **2004** |
| Grúpa F | An Danmhairg, Éire, an Ríocht Aontaithe | **1973** |
| Grúpa G | An Ghréig | **1981** |
| Grúpa H | An Spáinn, an Phortaingéil | **1986** |

**Plean Ceachta 2: Ag foghlaim cad iad na tíortha ar mian leo bheith ina mball den Aontas Eorpach.**

*Freagraí*

1. An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin 2. An tSeirbia 3. Montainéagró 4. An Chosaiv 5. Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine 7. An Tuirc

**Plean Ceachta 3: Conas a oibríonn an próiseas méadaithe?**

*Freagraí*

Infheistíocht sa tsíocháin, sa tslándáil agus sa chobhsaíocht san Eoraip is ea beartas méadaithe an Aontais Eorpaigh. Cuireann sé deiseanna breise eacnamaíocha agus trádála ar fáil a mbaineann an Aontais Eorpaigh chomh maith leis na tíortha ar mian leo a bheith ina mBallstáit leas astu.

Is iad seo a leanas na réimsí bunúsacha a dhéantar a mheas lena chinntiú go bhfuil tíortha a bhfuil súil acu dul isteach san Aontas Eorpach sách ullamh dó sindul isteach san Aontas Eorpach: forlámhas an dlí, na cearta bunúsacha, na hinstitiúidí daonlathacha a neartú, chomh maith leis an bhforbairt eacnamaíoch agus an t-iomaíochas. Léiríonn sé sin

an tábhacht a leagann an tAontas Eorpach ar a chuid bunluachanna agus a chuid tosaíochtaí ginearálta.

⇒ Forlámhas an dlí: ní mór do thíortha dul i ngleic le ceisteanna amhail an t-athchóiriú breithiúnach agus an troid in aghaidh na coireachta eagraithe agus na caimiléireachta díreach ó thús phróiseas an aontachais. Ní mór dóibh a léiriú go bhfuil torthaí nithiúla inbhuanaithe amach acu..

⇒ Rialachas eacnamaíoch: ní leor rialacha agus caighdeáin an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh le ballraíocht san Aontas Eorpach a bhaint amach; ní mór eacnamaíocht na tíre a chur in oiriúint don bhallraíocht lena chinntiú gur féidir léi leas a bhaint as na buntáistí ar fad a bhaineann lena haontachas leis an Aontas Eorpach, agus ag an am céanna go gcuirfidh sí le fás agus rathúnas gheilleagar an Aontais.

⇒ Ní mór na hinstitiúidí daonlathacha a dhaingniú tuilleadh, tríd an ngrinnscrúdú parlaiminteach a fheabhsú agus an riarachán poiblí a athchóiriú, mar shampla. Bíonn tionchar díreach ag cáilíocht an riaracháin phoiblí ar chumas an rialtais seirbhísí poiblí éifeachtacha a chur ar fáil, caimiléireacht a chosc agus a throid, agus an t-iomaíochas agus an fás a chothú. Chomh maith le córas riaracháin phoiblí atá ag feidhmiú go maith, tá sé ríthábhachtach ról níos láidre a chinntiú don tsochaí shibhialta.

⇒ Tá na cearta bunúsacha i gcroílár luachanna an Aontais Eorpaigh. Is gá do thíortha a bhfuil súil acu dul isteach san Aontas Eorpachsan Aontas Eorpach a chinntiú go léirítear meas iomlán orthu, go háirithe an tsaoirse cainte agus cearta daoine a bhaineann le mionlaigh, lena n-áirítear na Romaigh. Is gá grúpaí leochaileacha a chosaint ó leithcheal, lena n-áirítear leithcheal ar bhonn gnéaschlaonta.


⇒ Is gnéithe bunúsacha den chobhsú agus den aontachas iad an comhoibriú réigiúnach agus dea-chaidreamh na gcomharsan - an próiseas atá ag treorú thíortha Iarthar na mBalcán i dtreo ballraíocht san Aontas Eorpach. Cuidíonn sé leis an réigiún aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chomhroinnte atá ann amhail ganntanas fuinnimh, truailliú, bonneagar iompair, an troid in aghaidh na coireachta eagraithe.

# 7 Acmhainní Breise - Daltaí 10-12

## *Plean Ceachta 1, Bileog Oibre: Stair an Aontais Eorpaigh go dtí seo*

Ar an léarscáil thíos, cuir lipéad ar gach grúpa tíortha leis an litir chomhfhreagrach.

| **Grúpa** | **Tíortha** | **An dáta a ndeachaigh siad isteach san Aontas** |
|---|---|---|
| **A** | An Ostair, an Fhionlainn, an tSualainn | |
| **B** | An Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, Lucsamburg agus an Ísiltír | |
| **C** | An Bhulgáir, an Rómáin | |
| **D** | An Chróit | |
| **E** | An Chipir, Poblacht na Seice, an Eastóin, an Ungáir, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an tSlóvaic, an tSlóivéin. | |
| **F** | An Danmhairg, Éire, Ríocht Aontaithe | |
| **G** | An Ghréig | |
| **H** | An Spáinn, an Phortaingéil | |




Chuaigh na tíortha thuas isteach san Aontas Eorpach sna blianta seo a leanas:
1957; 1973; 1981; 1986; 1995; 2004; 2007; 2013

*Treoracha:* Oibrigh le do chuid páirtithe chun an bhliain a gceapann tusa a ndeachaigh gach tír isteach a phlé agus cuir isteach do fhreagra sa tábla.

***Plean Ceachta 2, Bileog Oibre 1:***
***Ag lipéadú tíortha ar mian leo dul isteach san Aontas Eorpach amach anseo***

*Treoracha:* An féidir leat na tíortha ar fad a bhfuil súil acu dul isteach san Aontas Eorpach a lipéadú i gceart? Má bhíonn am fágtha agat ag an deireadh, féach cé mhéad de na tíortha atá san Aontas faoi láthair, a bhfuil dath bán orthu, is féidir leat a lipéadú i gceart!




**1** ________________________________
**2** ________________________________
**3** ________________________________
**4** ________________________________
**5** ________________________________
**6** ________________________________
**7** ________________________________

## *Plean Ceachta 2, Bileog Oibre 2: Aimsigh na fíricí*

*Treoracha:* Iarradh ort misean fionnachtana a chur i gcrích. An féidir leat roinnt eolas bunúsach a aimsiú faoin tír a sannadh duit?
Is féidir leat íomhánna a úsáid chun do chuid freagraí a léiriú.

Ainm na tíre:

1. Cad í príomhchathair na tíre?

2. Cé chomh mór agus atá daonra na tíre?

3. Cad é airgeadra oifigiúil na tíre?

4. Ainmnigh roinnt de na gnéithe tíreolaíochta (sliabhraon, abhainn, loch) is tábhachtaí sa tír?

5. Ainmnigh duine cáiliúil as an tír. Cad a rinne an duine sin chun cáil a bhaint amach?

6. Cén bia a bhfuil tóir air sa tír?

7. Cad iad na hainmhithe fiáine atá coitianta sa tír?

***Plean Ceachta 3, Bileog Oibre:* Critéir chun dul isteach san Aontas Eorpach**

*Treoracha:* Úsáid na focail thíos chun na bearnaí a líonadh.

> bunúsacha, tsíocháin, forlámhas an dlí, tslándáil, chobhsaíocht, hinstitiúidí daonlathacha, fás agus rathúnas, caimiléireachta, bhforbairt eacnamaíoch, forlámhas, eacnamaíoch, bunúsach, hinstitiúidí daonlathacha, cainte, tsochaí shibhialta

Infheistíocht sa ________, sa ________ agus sa ________ san Eoraip is ea beartas méadaithe an Aontais Eorpaigh. Cuireann sé deiseanna breise eacnamaíocha agus trádála ar fáil a mbaineann an tAontas Eorpach chomh maith leis na tíortha ar mian leo a bheith ina mBallstáit leas astu.

Is iad seo a leanas na réimsí bunúsacha a dhéantar a mheas lena chinntiú go bhfuil tíortha a bhfuil súil acu dul isteach san Aontas Eorpachsan Aontas Eorpach sách ullamh dó sin: ______________, na cearta_______, na ______________________ a neartú, chomh maith leis an _______________agus an t-iomaíochas. Léiríonn sé sin an tábhacht a leagann an tAontas Eorpach ar a chuid bunluachanna agus a chuid tosaíochtaí ginearálta.

⇒ ______________ an dlí: ní mór do thíortha dul i ngleic le ceisteanna amhail an t-athchóiriú breithiúnach agus an troid in aghaidh na coireachta eagraithe agus na __________ díreach ó thús phróiseas an aontachais. Ní mór dóibh a léiriú go bhfuil torthaí nithiúla inbhuanaithe amach acu.


⇒ Rialachas ________: ní leor rialacha agus caighdeáin an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh le ballraíocht san Aontas Eorpach a bhaint amach; ní mór eacnamaíocht na tíre a chur in oiriúint don bhallraíocht lena chinntiú gur féidir léi leas a bhaint as na buntáistí ar fad a bhaineann lena haontachas leis an Aontas Eorpach, agus ag an am céanna go gcuirfidh sí le ______________________gheilleagar an Aontais.

⇒ Ní mór na _______________ a dhaingniú tuilleadh, tríd an ngrinnscrúdú parlaiminteach a fheabhsú agus an riarachán poiblí a athchóiriú, mar shampla. Bíonn tionchar díreach ag cáilíocht an riaracháin phoiblí ar chumas an rialtais seirbhísí poiblí éifeachtacha a chur ar fáil, caimiléireacht a chosc agus a throid, agus an t-iomaíochas agus an fás a chothú. Chomh maith le córas riaracháin

phoiblí atá ag feidhmiú go maith, tá sé ríthábhachtach ról níos láidre a chinntiú don ____________________.

⇒ Tá na cearta____________ i gcroílár luachanna an Aontais Eorpaigh. Is gá do thíortha a bhfuil súil acu bheith ina mball den Aontas Eorpach a chinntiú go léirítear meas iomlán ar na cearta sin, go háirithe an tsaoirse ___________ agus cearta daoine a bhaineann le mionlaigh, lena n-áirítear na Romaigh. Is gá grúpaí leochaileacha a chosaint ó leithcheal, lena n-áirítear leithcheal ar bhonn gnéaschlaonta.

***Plean Ceachta 3, Áis Teagaisc: An próiseas a bhaineann le dul isteach san Aontas Eorpach***



Léiríonn gach ceann de na cártaí céim éagsúil maidir le dul isteach san Aontas Eorpach. Cuir san ord ceart iad.

| | |
|---|---|
| Is gá go gcinnfeadh rialtais na mBallstát d'aon ghuth an bhfuil siad ag glacadh le stádas iarrthóra na tíre is iarratasóir. Chomh luath agus a shásaítear coinníollacha áirithe, tosaítear ar idirbheartaíocht an aontachais, ach ní mór go mbeadh na Ballstáit ar fad comhaontaithe ina leith sin. | Ní mór do na Ballstáit cinneadh d'aon ghuth an ndéanfar an próiseas a dhúnadh agus an Conradh Aontachais a shíniú. Síníonn na Ballstáit ar fad atá ann cheana agus an Ballstát atá ag teacht isteach an Conradh Aontachais. Ní mór do Pharlaimint na hEorpa a toiliú a thabhairt freisin. Ní féidir leis an tír a bheith ina Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh nó go mbíonn an Conradh Aontachais faofa go foirmiúil ag na Ballstáit ar fad atá ann cheana. |
| Ní mór don tír dlíthe agus rialacha an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme. Ní mór go gcomhaontódh gach Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh gur shásaigh an tír na ceanglais ar fad atá riachtanach.<br>Chomh luath agus a bhíonn an idirbheartaíocht ar fad curtha i gcrích, ní mór don Choimisiún | Cuireann an tír iarratas faoi bhráid na Comhairle ag fógairt gur mian léi a bheith ina ball den Aontas. Ansin, tíolacann an Coimisiún Eorpach tuairim maidir leis an iarratas. |


| | |
|---|---|
| Eorpach a thuairim a thabhairt an bhfuil nó nach bhfuil an tír réidh chun a bheith ina Ballstát. | |

# 8 Acmhainní Breise - Daltaí 13-15

## *Plean Ceachta 1, Bileog Oibre: Stair an Aontais Eorpaigh go dtí seo*

Is comhpháirtíocht eacnamaíoch agus pholaitiúil uathúil é an tAontas Eorpach idir 28 de thíortha de chuid na hEorpa. Cuireadh tús leis in 1951 nuair a sheol sé cinn de na tíortha bunaidh tionscadal le haghaidh comhoibriú eacnamaíoch ar tugadh an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Chruach air. Ó shin i leith, tharla sé cinn eile de mhéaduithe inar cuireadh fáilte isteach san Aontas roimh 22 thír eile.

**Seo liosta de na tíortha san Aontas Eorpach:**
An Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn, an Ríocht Aontaithe



Chuaigh na tíortha isteach san Aontas Eorpach i mblianta éagsúla, chuaigh roinnt acu isteach san Aontas ina n-aonar, chuaigh roinnt acu isteach in éineacht le tíortha eile ag an am céanna:

1957, 1973, 1981, 1986, 1995, 2004, 2007, 2013


*Treoracha:* An féidir leat na tíortha sin a chur i ngrúpaí de réir na bliana a ndeachaigh siad isteach san Aontas? Bain úsáid as an léarscáil thuas chun cuidiú leat. Oibrigh le do pháirtithe chun plé a dhéanamh ar an mbliain a ndeachaigh gach grúpa tíortha isteach de réir mar a cheapann tú féin agus cuir do fhreagra isteach sa tábla.

| **Grúpa** | **Tíortha sa ghrúpa seo** | **An dáta a ndeachaigh siad isteach** |
|---|---|---|
| **A** | | |
| **B** | | |
| **C** | | |
| **D** | | |
| **E** | | |
| **F** | | |
| **G** | | |
| **H** | | |

# *Plean Ceachta 2, Bileog Oibre 1:*
# *Tíortha ar mian leo dul isteach san Aontas Eorpach amach anseo a lipéadú*

Tá peirspíocht Eorpach ag an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine, an Chosaiv, Montainéagró, an tSeirbia agus an Tuirc. Tá an méid sin deimhnithe ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus ciallaíonn sé sin go bhféadfadh na tíortha dul isteach san Aontas Eorpach dá sásóidís na coinníollacha ar fad atá riachtanach. Tá siad ag céimeanna éagsúla sa phróiseas.

*Treoracha:* An féidir leat na tíortha ar fad is iarrthóirí agus na hiarrthóirí ionchasacha a lipéadú i gceart? Má bhíonn am fágtha agat ag an deireadh, féach cé mhéad de Bhallstáit reatha an Aontais Eorpaigh is féidir leat a lipéadú i gceart chomh maith.




**1** ____________________________________

**2** ____________________________________

**3** ______________________________

**4** ______________________________

**5** ______________________________

**6** ______________________________

**7** ______________________________

## *Plean Ceachta 2, Bileog Oibre 2: Aimsigh na fíricí*

*Treoracha:* An féidir leat roinnt eolas bunúsach a aimsiú faoin tír a sannadh duit?

Ainm na tíre:

1. Cad í príomhchathair na tíre?
2. Cad é daonra na tíre?
3. Cad iad na tíortha eile a bhfuil teorainn ag an tír leo?
4. Ainmnigh roinnt de na gnéithe tíreolaíochta (sliabhraon, abhainn, loch) is tábhachtaí sa tír?
5. Ainmnigh duine cáiliúil amháin as an tír. Conas a bhain an duine sin cáil amach?
6. Cén bia a bhfuil tóir air sa tír?
7. Cad iad na honnmhairí agus na hallmhairí is mó atá ag an tír?
8. Cad é airgeadra oifigiúil na tíre?
9. Cad iad na tíortha is mó a ndéanann an tír trádáil leo?
10. Cad iad na tionscail is mó atá sa tír seo?

## *Plean Ceachta 3, Bileog Oibre: Critéir chun dul isteach san Aontas Eorpach*

*Treoracha:* Líon isteach na bearnaí leis an bhfocal cuí.

Infheistíocht sa ________, sa ________ agus sa ________ san Eoraip is ea beartas méadaithe an Aontais Eorpaigh. Cuireann sé deiseanna breise eacnamaíocha agus trádála ar fáil a mbaineann an tAontas Eorpach chomh maith leis na tíortha ar mian leo a bheith ina mBallstáit leas astu.

Is iad seo a leanas na réimsí bunúsacha a dhéantar a mheas lena chinntiú go bhfuil tíortha a bhfuil súil acu dul isteach san Aontas Eorpach sách ullamh dó sin: ______________, na cearta_______, na ______________________ a neartú, chomh maith leis an ________________agus an t iomaíochas. Léiríonn sé sin an tábhacht a leagann an tAontas Eorpach ar a chuid bunluachanna agus a chuid tosaíochtaí ginearálta.

⇒ ______________ an dlí: ní mór do thíortha dul i ngleic le ceisteanna amhail an t athchóiriú breithiúnach agus an troid in aghaidh na coireachta eagraithe agus na __________ díreach ó thús phróiseas an aontachais. Ní mór dóibh a léiriú go bhfuil torthaí nithiúla inbhuanaithe amach acu.

⇒ Rialachas ________: ní leor rialacha agus caighdeáin an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh le ballraíocht san Aontas Eorpach a bhaint amach; ní mór eacnamaíocht na tíre a chur in oiriúint don bhallraíocht lena chinntiú gur féidir léi leas a bhaint as na buntáistí ar fad a bhaineann lena haontachas leis an Aontas Eorpach, agus ag an am céanna go gcuirfidh sí le ______________________gheilleagar an Aontais.

⇒ Ní mór na _______________ a dhaingniú tuilleadh, tríd an ngrinnscrúdú parlaiminteach a fheabhsú agus an riarachán poiblí a athchóiriú, mar shampla. Bíonn tionchar díreach ag cáilíocht an riaracháin phoiblí ar chumas an rialtais seirbhísí poiblí éifeachtacha a chur ar fáil, caimiléireacht a chosc agus a throid, agus an t-iomaíochas agus an fás a chothú. Chomh maith le córas riaracháin phoiblí atá ag feidhmiú go maith, tá sé ríthábhachtach ról níos láidre a chinntiú don ___________________.


⇒ Tá na cearta____________ i gcroílár luachanna an Aontais Eorpaigh. Is gá do thíortha a bhfuil súil acu bheith ina mball den Aontas Eorpach a chinntiú go léirítear meas iomlán ar na cearta sin, go háirithe an tsaoirse ___________ agus cearta daoine a bhaineann le mionlaigh, lena n-áirítear na Romaigh. Is gá grúpaí leochaileacha a chosaint ó leithcheal, lena n-áirítear leithcheal ar bhonn gnéaschlaonta.

## *Plean Ceachta 3, Áis Teagaisc: An próiseas a bhaineann le dul isteach san Aontas Eorpachsan Aontas Eorpach*


Léiríonn gach ceann de na cártaí céim éagsúil maidir le dul isteach san Aontas Eorpachsan Aontas Eorpach. Cuir san ord




Cuireann an tír iarratas faoi bhráid na Comhairle, ag fógairt gur mian léi a bheith ina ball den Aontas.




Tar éis do choinníollacha áirithe a bheith sásaithe, tosaítear ar idirbheartaíocht an aontachais, ach arís eile ní dhéantar é sin ach amháin le comhaontú na mBallstát uile.




Ar an mbonn sin, is gá go gcinnfeadh rialtais na mBallstát d'aon ghuth an bhfuil siad ag glacadh le stádas iarrthóra na tíre is iarratasóir agus an bhfuil siad ag bronnadh an stádais sin uirthi.



Ní féidir leis an tír a bheith ina Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh nó go mbíonn an Conradh Aontachais faofa go foirmiúil ag na Ballstáit ar fad atá ann cheana.





Chomh luath agus a bhíonn an idirbheartaíocht i leith gach réimse curtha i gcrích, ní mór don Choimisiún a thuairim a thabhairt an bhfuil nó nach bhfuil an tír réidh chun a bheith ina Ballstát.



Tíolacann an Coimisiún Eorpach, a dhéanann faireachán géar ar thíortha an mhéadaithe, tuairim ar an iarratas.



Bunaithe ar na moltaí sin, ní mór do na Ballstáit cinneadh d'aon ghuth an ndéanfar an próiseas a dhúnadh agus Conradh Aontachais a shíniú leis an tír lena mbaineann. Síníonn na Ballstáit atá ann cheana chomh maith leis an mball atá ag teacht isteach an Conradh. Ní mór do Pharlaimint na hEorpa a toiliú a thabhairt freisin.



Anois ní mór don tír oibriú chun dlíthe agus rialacha an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme. Ní mór go gcomhaontódh gach Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh gur shásaigh an tír na ceanglais ar fad atá riachtanach agus gur ghlac sí caighdeáin AE.